Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0378(COD)**

**15191/1/23**
**REV 1 ADD 1**

**EF 343**
**ECOFIN 1146**
**CODEC 2078**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**

Aithníonn Poblacht na Bulgáire go bhféadfadh Pointe Rochtana Aonair Eorpach rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach. Chun go mbeidh rath ar an bpointe rochtana aonair Eorpach, áfach, creidimid go bhfuil tábhacht le cur chuige dea-chalabraithe a áirithiú maidir leis an ardán a chur ar bun i dtéarmaí raon feidhme na faisnéise atá le soláthar, mar aon leis an uainiú agus na costais. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chur san áireamh le pointe rochtana aonair Eorpach atá ábhartha d’infheisteoirí agus nach mó na costais a bhaineann lena foilsiú ná na tairbhí.

Tuigtear dúinn, tar éis plé críochnúil a bheith déanta gníomh ar ghníomh go raibh tairbhe ann ach tuilleadh measúnaithe agus feabhsuithe a bheith déanta ar chodanna áirithe den togra chun ualach míchuí agus costais mhíchuí ar eintitis agus ar chomhlachtaí bailithe araon a sheachaint.

Is sampla de na codanna sin iad na leasuithe atá beartaithe sa Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach i ndáil leis an Treoir Chuntasaíochta agus an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais. Cuireann na Leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta oibleagáid dhíréireach ar chuideachtaí neamhliostaithe tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú sa phointe rochtana aonair Eorpach. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorálacha bíonn an fhaisnéis chéanna curtha isteach faoi dhó ag na heintitis chéanna – mar shampla, bheadh ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a chur faoi bhráid an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh ar bhonn na Treorach um Thrédhearcacht agus na Treorach Cuntasaíochta araon, chuig dhá chomhlacht bailithe éagsúla, seans, rud nach n-urramódh an prionsabal 'comhdú aonuaire'. I bhfianaise na Treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, bheadh na ceanglais ar chuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí fáis FBManna ag teacht salach ar an gcuspóir rochtain FBManna ar mhargaí caipitil a éascú.

Tacaímid le cuspóirí an phointe rochtana aonair Eorpaigh ach inár dtuairim féin, ba cheart ionramháil níos fearr a bheith déanta ar ghnéithe áirithe den togra.